

Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)

Ceisteanna Coitianta

1. Cad é an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)?

Is éard atá sa Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) ná íocaíocht atá **bunaithe ar chónaitheacht agus faoi réir tástála acmhainne** do dhaoine atá 66 bliana d'aois nó os a chionn sin nach gcáilíonn do Pinsean Stáit (Eatramhach) ná do Pinsean Stáit (Ranníocach) de bhun a dtaifid leasa shóisialaigh. Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo **3 mhí** roimh duit 66 bliana d'aois a shlánú.

2. Conas a cháilítear?

Chun cáiliú do Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach):

- ní mór duit a bheith 66 bliana d'aois nó os a chionn sin
- [ní mór Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí \(Uimhir PSP\) bhailí a bheith agat](#)
- [ní mór duit tástáil acmhainne a shásamh](#)
- ní mór duit an [Coinníoll Gnáthchónaithe](#)* a shásamh
- ní mór duit a bheith i do chónaí sa Stát le linn duit an pinsean seo a fháil

* Is éard atá sa Choinníoll Gnáthchónaithe ná coinníoll nach mór duit a shásamh chun cáiliú d'íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh agus don Sochar Linbh. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2004 agus baineann sé le gach iarratasóir is cuma faoina náisiúntacht.

3. Cad í an [tástáil acmhainne](#) agus [conas a ríomhtar í](#)?

- Is slí í an tástáil acmhainne lena fháil amach an bhfuil do dhóthain acmhainne agat chun soláthar a dhéanamh duit féin agus cé mhéid íocaíochta, más ann di, dá bhféadfaidh tú cáiliú. Is í d'acmhainn ná aon ioncam ar leat é nó ar le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é agus maoin (seachas do bhaile cónaithe féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit.
- Chun a thuilleadh eolais a fháil ar conas a dhéantar measúnú ar d'acmhainn [cliceáil anseo](#)

Tabhair faoi deara:

Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán ionas gur féidir linn d'acmhainn a ríomh. Ní mór duit na sonraí go léir de d'acmhainn féin agus d'acmhainn do chéile, do pháirtneára sibhialta nó do chomhchónaitheora, i gcás inar cuí sin, a thabhairt. Ba chóir duit na cáipéisí riachtanacha go léir mar ráitis bhainc (3 mhí), sonraí de do thuilleamh ar fad nó duilíní pá pinsin eile a chur le d'iarratas. Má chuireann tú foirm iarratais neamhiomlán isteach nó mura gcuireann tú na cáipéisí tacaíochta is gá isteach, is féidir go gcuirfear moill ar chinneadh ar d'iarratas nó go ndiúltófar d'iarratas ar pinsean dá thoradh sin.

Is féidir go mbeidh sé riachtanach ag an Roinn seo d'éileamh a sheoladh chuig Cigire Leasa Shóisialaigh áitiúil chun go ndéanfar a thuilleadh imscrúdaithe air agus chun go gcuirfear faoi agallamh thú.

4. Cad a áirítear mar acmhainn?

Is iad na príomh-mhíreanna a áirítear mar acmhainn ná:

- ioncam airgid ar leat é nó ar le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é
- luach aon infheistíochtaí, aon choigiltis agus aon scaireanna a fhéadfaidh a bheith agat nó ag do chéile
- luach aon mhaoine, **seachas** do bhaile cónaithe féin
- cothabháil a íoctar leat má tá tú tréigthe nó idirscartha
- ioncam ó phinsean ceirde nó ó phinsean coigríche
- ioncam ó fhostaíocht nó ó fhéinhostaíocht, agus feirmeoireacht san áireamh. Baineann neamhaird tuillimh ó fhostaíocht inárachais €200 in aghaidh na seachtaine leat agus le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir araon, i gcás inar cuí sin. Ní bhaineann an neamhaird seo le tuilleamh ó fhéinhostaíocht ná ó phinsean, áfach.

Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó ag comhchónaí, áireofar acmhainn do chéile, do pháirtneára shibhialata nó do chomhchónaitheora sa tástáil acmhainne. Más úinéir feirme talún thú nó má tá feirm ar léas agat, measúnófar mar acmhainn luach bliantúil aon ioncaim atá agat no ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir ón bhfeirm. Ríomhfar an luach bliantúil trí aon chostais riachtanacha a bhaint as an ollioncam.

Má choinníonn tú nó do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir ioncam nó maoin (agus airgead san áireamh) uaibh féin chun cáiliú don Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) nó chun cáiliú do ráta níos airde den phinsean seo, cuirfear an t-ioncam nó an mhaoin sin san áireamh ó thaobh na tástála maoin.

B'fhéidir nach mbeadh feidhm aige seo, áfach, i gcás socraíochtaí teaghlaigh áirithe lena ngabhadh aistriú úinéireachta feirme nó gnólachta. Má tharla aistriú, iarrfar ort cóip den Gníomhas Aistrithe arna stampáil ag na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar, nó má taisceadh an gníomhas, litir a sholáthar ó na haturnaetha ina ndeimhneofar gur taisceadh an Gníomhas Aistrithe leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Tabhair faoi deara

Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó ag comhchónaí, ríomhfar d'acmhainn mar leath na comhacmhainne atá agat féin agus do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

5. Samplaí de chaipiteal a mheasúnú.

Is é atá i gceist le caipiteal ná coigilteas, infheistíochtaí, scaireanna, airgead ar láimh agus luach maoin (seachas do bhaile cónaithe féin). Agus d'acmhainn ó chaipiteal á háireamh, baintear feidhm as foirmle ar leith chun d'acmhainn a ríomh:

CAIPITEAL

An chéad €20,000

ACMHAINN SHEACHTAINIÚIL A MHEASÚNAÍTEAR

Dada

€20,000 - €30,000
€30,000 - €40,000
Os cionn €40,000

€1 sa €1,000
€2 sa €1,000
€4 sa €1,000

Sampla 1

Tá coigilteas €45,800 ag duine singil agus níl aon acmhainn eile aige/aici.

Meid an choigiltis	€45,800
Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air)	<u>€20,000</u>
	€25,800

Measúnaítear an t-iarmhéid €25,800 mar a leanas:

Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000	€10.00
Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000	€20.00
Measúnaítear €5,000 ag €4 sa €1,000	€20.00

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €800 mar tá sé níos lú ná	€1,000
Acmhainn sheachtainiúil	€50.00
Pinsean Stáit Seachtainiúil (Neamh-Ranníocach) sa bhliain 2011:	€199.00

Sampla 2

Tá comhchoigilteas €100,800 ag duine pósta, duine i bpáirtnéireacht shibhialta nó duine a chónaíonn le comhchónaitheoir ag a bhfuil duine fásta cáilithe faoi bhun 66 bliana d'aois, agus níl aon acmhainn eile aige/aici.

Meid an chomhchoigiltis	€100,800
Coigilteas inmheasúnaithe (leath an chomhchoigiltis)	€50,400
Measúnaítear é seo mar a leanas:	
Coigilteas inmheasúnaithe	€50,400
Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air)	<u>- €20,000</u>
	€30,400

Measúnaítear an t-iarmhéid €30,400 mar a leanas:

Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000	€10.00
Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000	€20.00
Measúnaítear €10,000 ag €4 sa €1,000	<u>€40.00</u>

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €400 mar tá sé níos lú ná €1,000	
Acmhainn sheachtainiúil do gach duine	€70.00
Pinsean Stáit Seachtainiúil (Neamh-Ranníocach) (Rátaí Eanáir 2011)	
Ráta Pearsanta	€179.00
Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe faoi bhun 66 bliana d'aois	<u>€118.30</u>
Iomlán	€297.30

Dá mbeadh gach duine den lánúin i sampla 2 66 bliana d'aois nó os a chionn sin, cháileodh gach duine acu do phinsean seachtainiúil €179. (Rátaí Eanáir 2011)

6. An measúnaítear pinsean ó thír eile mar acmhainn?

Measúnaítear ioncam ó phinsean ó aon tír eile (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá) mar acmhainn sheachtainiúil. Mar shampla, má fhaigheann tú £100 in aghaidh na seachtaine ó Phinsean Stáit na Breataine tiontófar ina Euro é seo agus measúnófar an méid seachtainiúil mar acmhainn. Mura bhfaigheann tú ná do chéile pinsean coigríche fós ach má bhraitheann tú gur féidir go gcáileofar do cheann, is cóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí a chuideoidh leat i dtaobh d'éilimh.

7. Cad nach n-áirítear mar acmhainn? (féach [Treoirlíne Oibriúcháin ar an bPinsean Stáit \(Neamh-Ranníocach\) - Aguisín 1](#))

Is iad seo a leanas **cuid** de na príomh-mhíreanna nach n-áirítear mar acmhainn:

- do bhaile cónaithe féin
- aon íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí
- an chéad €200 de thuilleamh seachtainiúil ó fhostaíocht, (ach ní ó fhéinfhostaíocht)
- Beidh a macasamhail de neamhaird tuillimh €200 in aghaidh na seachtaine ó fhostaíocht, ach ní ó fhéinfhostaíocht, i bhfeidhm freisin i gcás do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora
- cibé costais a thabhaíonn tú de riachtanas chun aon chineál féinfhostaíochta a choinneáil sa siúl
- Liúntas Cúraim Altrama ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- ranníocaíochtaí le Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir
- íocaíochtaí áirithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ioncam ó charthanais áirithe.

Scéim Luathscoir an Aontais Eorpaigh ón bhFeirmeoireacht

- Tugaimid neamhaird freisin ar aon íocaíochtaí a fhaigheann tú ón Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi Scéim Luathscoir an Aontais Eorpaigh ón bhFeirmeoireacht. Féadfaidh an Roinn sin, áfach, do phinsean faoin scéim sin a laghdú de mhéid an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) a fhaigheann tú.

Ioncam ó Chíos

- Má chónaíonn duine leat agus má íocann sé/sí cíos leat (duine amháin), ní áireofar an cíos mar acmhainn más rud é go mbeifeá i do chónaí leat féin murach sin.

(Neamh-Ranníocach)

Tabhair faoi deara:

Má cháilíonn tú don Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), socrófar an ráta íocaíochta a gheobhaidh tú ar leibhéal ar chóir go dtabharfadh sé caighdeán leordhóthanach maireachtála duit. Bheadh súil ag an Roinn go gcaithfeá do phinsean uile, nó an chuid is mó de, gach seachtain chun íoc as do ghnáthchostais laethúla mhaireachtála. Más mian leat, áfach, cuid de do phinsean a choigilt, cuirfear tástáil acmhainne ar an gcoigiltas sin sa chaoi chéanna agus a dhéantar i gcás coigiltis ó aon fhoirse eile (mar shampla, ó thuilleamh, ó phinsean ceirde nó ó oidhreacht). Ag brath ar mhéid an choigiltis a chnuasaíonn tú ó na foinsí go léir, d'fhéadfadh laghdú i (nó aistarraingt de) do Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a bheith mar thoradh air seo.

8. Conas agus cén uair ba cheart [iarratas a dhéanamh?](#)

- Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) **3 mhí** roimh duit 66 bliana d’aois a shroicheadh. Má bhronntar pinsean ort, íocfar ón Aoine i ndiaidh do 66^ú breithlá nó ón Aoine i ndiaidh an dáta a bhfaighfear d’iarratas.
- Chun iarratas a dhéanamh, líon an fhoirm iarratais [SPNC 1](#), agus cuir í maille leis na cáipéisí riachtanacha go léir mar ráitis bhainc, duillíní pá pinsin agus teastais chearta chuig:

Rannóg an Phinsin Stáit (Neamh-Ranníocach),

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+ 353 71 9157100 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Uimhir PSP : (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí)

Ní mór duit d’Uimhir PSP agus Uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora a thabhairt. Ní mór duit freisin Uimhir/Uimhreacha PSP a thabhairt dúinn i dtaca le haon leanbh/leanaí a bhfuil sé de rún agat íocaíocht a éileamh ina leith. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d’Oifig Leasa Shóisialaigh, le do thoil. Cuirfidh siad d’uimhir PSP in iúl duit. Mura bhfuil ceann agat, inseoidh siad duit cad a bheidh ort a dhéanamh chun ceann a fháil.

Tabhair faoi deara:

B’fhéidir go gcaillfí íocaíocht [dá gcuirfí éileamh isteach go déanach](#). Teastais le cur le d’iarratas: Agus iarratas á dhéanamh agat ar Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), is féidir go gcaithfidh tú teastais a chur chugainn má tharla an bhreith / na breitheanna, an pósadh, an pháirtnéireacht sibhialta nó an t-aontas sibhialta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, mar:

- do theastas breithe
- teastas breithe do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora
- do theastas pósta nó do theastas clárúcháin um páirtnéireacht sibhialta nó um aontas sibhialta
- teastas breithe / teastais bhreithe do linbh/leanaí cáilithe.

9. An féidir íocaíocht a fháil ar mo pinsean do mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar [Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe](#) ar do pinsean. Is duine fásta cáilithe é do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir. Tá an méadú seo faoi réir tástála acmhainne.

10. Cé atá ina [dhuine fásta cáilithe](#)?

Is duine fásta cáilithe é do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, i gcoitinne. Féadfaidh tú meadú sa pinsean a fháil ina leith fad is nach bhfaighidh sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)cart féin, ach amháin an Liúntas Cúramóra (**mar a bhfuil feidhm ag socruithe ar leith**). Céimnítear an Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe de réir ráta pearsanta do phinsin féin.

Tabhair faoi deara:

Má bhronntar méadú um dhuine fásta cáilithe ort, coinnigh cuimhne, le do thoil, gur féidir go mbeidh do dhuine fásta cáilithe i dteideal Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a éileamh dá c(h)eart féin nuair a bheidh sé/sí 66 bliana d'aois. Nuair a bheidh sé/sí 66 bliana d'aois, stadfaidh an méadú um dhuine fásta cáilithe go huathoibríoch agus tabharfar cuireadh dó/di iarratas ar Phinsean Stáit a dhéanamh dá c(h)eart féin. Is cóir a thabhairt faoi deara gur mó an tairbhe daoibh mar lánúin ó thaobh an airgid de, má fhaigheann gach duine agaibh pinsean dá c(h)eart féin. Mar mhalairt air sin, má bhí do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir fostaithe nó féinfhostaithe, b'fhéidir go gcáileodh sé/sí do Phinsean Stáit (Eatramhach) in aois 65 bliana nó do Phinsean Stáit (Ranníocach) in aois 66 bliana.

Tabhair faoi deara freisin: Ó Mheán Fómhair 2007, íocaimid de réir dlí an méadú um dhuine fásta cáilithe go díreach leis an gcéile, leis an bpáirtneir sibhialta nó leis an gcomhchónaitheoir lena mbaineann ach amháin mar a sonraíonn sé/sí gur féidir an méadú a íoc leat.

11. Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is leanbh cáilithe é leanbh atá suas le 18 mbliana d'aois, a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á chothabháil agat, nó suas le 22 bliana d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha de ló. Meastar freisin leanbh atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin agus a chónaíonn leat de ghnáth ina leanbh cáilithe de do chuid ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an t-oideachas dara leibhéal a fhágáil nó Scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh.

Má cháilíonn tú do Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe i leith do chéile, do pháirtneara sibhialta nó do chomhchónaitheora, gheobhaidh tú an ráta **iomlán** den Mhéadú um Leanbh Cáilithe do do leanbh/leanaí cáilithe.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)eart féin, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe is cuí dá (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe ar do phinsean.

Ní féidir leat Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil má fhaigheann an leanbh íocaíocht leasa sóisialaigh dá c(h)eart féin.

Tabhair faoi deara:

Níl aon ghá le teastas breithe má fhaigheann tú an Sochar Linbh do na leanaí seo cheana. Ní ghlacaimid le fótachóipeanna teastas. Mura bhfuil tú in ann an teastas / na teastais a fháil láithreach, is cóir duit d'fhoirm iarratais ar phinsean a chur isteach maille a nóta ina luafar go gcuirfidh tú an teastas / na teastais isteach a luaithe is féidir.

Má tá tú chun do theastais a chur isteach ar ball, cinntigh, le do thoil, go luafaidh tú d'Uimhir PSP. Gheobhaidh tú an uimhir seo go huathoibríoch nuair a gheobhaimid d'iarratas.

Thairis sin, cuir isteach litir ó scoil nó ó choláiste, le do thoil, má tá éileamh á dhéanamh agat do leanbh cáilithe, atá in aois 18-22 de bhlianta d'aois agus in oideachas lánaimseartha.

12. Bás pinsinéara a thuairisciú....cad atá le déanamh agam anois agus an bhfuil aon duine ar gá dom a insint dó/di faoin mbás?

1) **Má fuair an duine éagtha pinsean nó íocaíocht ón Roinn:**

Má fhaigheann duine bás le linn dó/di íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil, is cóir a b(h)ás a chur in iúl a luaithe is féidir do rannóg na Roinne a phléann leis an íocaíocht.

2) **An bás a chlárú:**

Ní mór gach bás a chlárú le hOifig an Ard-Chláraitheora (An tSeirbhís um Chlárú Sibhialta) laistigh de thrí mhí. Is féidir bás a chlárú in aon Oifig um Chlárú Sibhialta agus is duine den teaghlach a dhéanann an clárúchán sin de ghnáth. Mar mhalairt air sin, féadfaidh duine a bhí i láthair ag an mbás an bás a chlárú, cuir i gcás ionadaí an ospidéil, comharsa nó, dá éagmais sin, an t-adhlacóir.

Má d'fhág an duine éagtha oidhreacht le huacht, ba chóir don ionadaí pearsanta cóip de sceideal na sócmhainní, nuair a bheadh sé sin ar fáil, a chur chuig Rannóg na nEastát san oifig seo.

Murar fhág an duine éagtha oidhreacht/uacht, ní bheadh gá lena thuilleadh gnímh.

13. Deontas Méala – Conas iarratas a dhéanamh?

Is féidir Deontas Méala a íoc leis an duine atá freagrach as costais na sochraide a íoc. Is éard atá sa deontas méala ná sochar árachais shóisialaigh atá bunaithe ar ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) an duine éagtha nó a c(h)éile. Clúdaíonn an scéim an duine árachaithe agus a c(h)éile agus a leanaí cleithiúnacha faoi bhun 18 mbliana d'aois (nó faoi bhun 22 bhliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha). Is féidir é a éileamh suas le 12 mhí i ndiaidh an bháis.

Ní mór foirm iarratais a líonadh agus ní mór teastas báis agus cóip de bhille na sochraide a chur isteach leis an bhfoirm sin.

14. Conas a chuirtear **gníomhaire** le pinsean a bhailiú?

Más rud é nach bhfuil duine in ann a (h)íocaíocht a bhailiú nó a g(h)nóthaí airgeadais a bhainistiú féadfar duine a cheapadh mar ghníomhaire dó/di. Féadfar gníomhaire a cheapadh ar bhonn sealadach nó ar bhonn fadtréimhseach, chun íocaíochtaí a bhailiú nó chun gníomhú ar son an chustaiméara. Féadfaidh an Roinn socrú gníomhaire a chealú tráth ar bith má bhíonn údar ag an Roinn lena chreidiúint nach bhfuil an socrú ag oibriú go sásúil. Ní mór foirm iarratais a líonadh agus a chur chuig an Roinn.

15. Conas a athraítear modh íocaíochta?

Modh íocaíochta a athrú:

Féadfaidh tú d'íocaíocht a fháil in Oifig roghnaithe an Phoist trí leas a bhaint as an Aistriú Leictreonach Faisnéise nó go díreach i do chuntas reatha nó taisce in institiúid airgeadais ([Ríomhaistriú Airgid](#)) nó i gCuntas Coigiltis An Phoist. Má tá tú chun do mhodh íocaíochta a athrú, cuir do shonraí nua i scríbhinn [chuig an Roinn seo](#). Má tá tú chun athrú ón Aistriú Leictreonach Faisnéise chuig an Ríomhaistriú Airgid, cuir do chárta um Aistriú Leictreonach Faisnéise ar ais, le do thoil.

16. [Liúntas Breosla](#) – conas [iarratas a dhéanamh](#)?

Is íocaíocht faoi réir tástála acmhainne é an Liúntas Breosla. Má fhaigheann tú íocaíocht neamh-ranníocach glactar leat mar dhuine a shásaíonn an tástáil acmhainne ach amháin mar a bhfaigheann tú freisin íocaíocht ranníocach ar leathráta (mar an Sochar Breoiteachta, an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó an Sochar Díobhála) mar bhreis ar an íocaíocht neamh-ranníocach (mar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora). Tá tástáil acmhainne an Liúntais Bhreosla nasctha le huasráta an Phinsin Stáit (Ranníocach). Ní mór [foirm iarratais](#) a líonadh agus a chur chuig Rannóg Chothabhála na gCliant.

17. [Cártaí cailte nó goidte a thuairisciú](#).

Cártaí Seirbhísí Sóisialta um Aistriú Leictreonach Faisnéise atá Cailte/Goidte:

Más rud é go n-íoctar airgead le duine tríd an Aistriú Leictreonach Faisnéise ach má chailleann sé/sí a C(h)árta Seirbhísí Sóisialta nó má ghoidtear an cárta, is cóir [iarratas](#) ar chárta athsholáthair a chur láithreach chuig an Roinn. Ní mór an t-iarratas seo a bheith stampáilte ag na Gardaí chun a dheimhniú gur tuairiscíodh gur cailleadh/goideadh an cárta bunaidh. Ansin cealóidh an [Roinn](#) an cárta bunaidh agus eiseofar cárta athsholáthair láithreach.

18. [Ráiteas cánach a iarraidh](#).

Is féidir leat ráiteas ar na híocaíochtaí atá faighte agat a iarraidh ar líne agus cuirfear an ráiteas chugat tríd an bpost. Má fhaigheann tú níos mó ná íocaíocht amháin, is gá duit ráiteas ar leith a iarraidh i dtaca le gach íocaíocht. Clíceáil [anseo chun ráiteas a iarraidh](#).

Féadfaidh tú freisin ráiteas cánach a iarraidh tríd an [nguthán/bpost](#).

19. [An bhfuil aon dálaí ina ndéanfaidh an Roinn éileamh a shiardhátú níos sia siar ná 6 mhí?](#)

Is féidir go mbeidh sé indéanta éileamh a shiardhátú níos sia siar ná tréimhse sé mhí i ndálaí áirithe:

- San áit ar theip ort éileamh a chur isteach ar dháta na teidlíochta toisc gur thug foireann na Roinne eolas bréagach nó míthreorach duit, nó do dhuine a ghníomhaigh ar do shon. Más mar seo atá an scéal, ní mór duit na sonraí ar fad den eolas bréagach nó míthreorach a tugadh duit a chur ar fáil, lena n-áirítear ainm an oifigh a thug an t-eolas mícheart (más feasach duit é), an oifig inar tugadh an t-eolas mícheart agus an dáta ar tugadh é.

- San áit ar theip ort éileamh a chur isteach ar dháta na teidlíochta toisc go raibh tú chomh éagumasach sin de dheasca breoiteachta nó éiglíochta nach raibh tú in ann iarratas a dhéanamh ná treoir a thabhairt do dhuine eile iarratas a dhéanamh ar do shon. Más mar seo atá an scéal, ní mór duit fianaise mhíochaine a sholáthar ó do dhochtúir a mhíneoidh cén fáth ar choisc an bhreoiteacht nó an t-éagumas ort iarratas a dhéanamh as do stuaim féin nó duine a cheapadh chun iarratas a dhéanamh ar do shon.

San áit a n-éilítear breoiteacht nó éagumas, ní foláir nó go ndearnadh d'éileamh ar phinsean roimh an dáta ar stad do bhreoiteacht nó d'éagumas nó laistigh de shé mhí ón dáta sin.

Tabhair faoi deara: Má tá tú ar uireasa eolais ó thaobh na teidlíochta ar phinsean nó má tá gníomhaire nó duine a ghníomhaíonn ar do shon ar uireasa eolais ó thaobh na teidlíochta ar phinsean, ní mheasfar an uireasa eolais sin ina rud a chomhlíonann na critéir chun d'éileamh a shiardhátú.

Má tá tríú páirtithe ar uireasa eolais, má sholáthraítear eolas mícheart nó comhairle mhícheart duit, nó má theipeann ar dhuine nó ar ghníomhaireacht seachas fostaí na Roinne beart a dhéanamh, ní mheasfar iad seo ina mbonn lena thuilleadh siardhátaithe a dhéanamh ar íocaíocht phinsin.

20. Cad a tharlaíonn má théitear chun cónaí lasmuigh den Stát?

Ní íoctar an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), de ghnáth, má chónaíonn tú lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

Má théann duine a fhaigheann an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) nó Pinsean na nDall chun cónaí i dTuaisceart na hÉireann, íocfar an pinsean go dtí go mbeidh an duine i dteideal íocaíochta coibhéisí ó Thuaisceart na hÉireann nó go ceann 5 bliana, cibé tréimhse is lú.

Ina theannta sin, má tá pinsinéir ar saoire thar lear, is iondúil go gceadófar íocaíocht go ceann tréimhse suas le 13 seachtaine ar fhilleadh dó/di. Ní cheadófar íocaíocht, áfach, i dtaca le cuairteanna dá leithéid arís agus arís eile.

Má choisceann cúrsaí nach mbíonn aon neart aige/aici orthu (cuir i gcás, de dheasca easláinte) ar phinsinéir fillleadh, is féidir go gceadófar íocaíocht freisin má chuirtear fianaise oiriúnach ar fáil. Beidh gá le fianaise a thaispeánfaidh gur lean an duine de bheith i dteideal an phinsin, agus nach raibh an duine ag obair ná ag éileamh íocaíochta ó na húdaráis leasa shóisialaigh ar an gcoigríoch.

Má fhágann tú Poblacht na hÉireann ar aon chúis eile, [inis dúinn](#) láithreach faoi.